

# Clár Ábhair

<b>Réamhrá agus cúlra</b>	3
<b>Caibidil 1 — Struchtúr Theagasc</b>	5
1.1 Forbhreathnú ar Theagasc	
1.2 Conas a sheachadaimid Seirbhísí	
1.3 Struchtúr Bainistíochta	
<b>Caibidil 2 — Feabhsú na Seirbhísí dátheangacha atá le cur ar fáil</b>	9
2.1 Cúlra	
2.2 Gnéithe na Scéime	
2.3 Cumas Gaeilge Theagasc a fheabhsú	
<b>Caibidil 3 — Monatóireacht agus Athbhreithniú</b>	16
3.1 Monatóireacht agus Athbhreithniú	
<b>Caibidil 4 — Poibliú na Scéime Comhaontaithe</b>	17
4.1 Poibliú na Scéime Comhaontaithe	
<b>Aguisíní</b>	18
Aguisín I – Ionaid Taighde	
Aguisín II – Príomh-oifigí Comhairleach Áitiúla	
Aguisín III – Seirbhísí Traenála agus Forbartha	
Aguisín IV – Torthaí ar Shuirbhé Gaeilge Teagasc	
Aguisín V – Prionsabail de Sheirbhís Custaiméara Cáilíochta	



## Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Teagasc an scéim seo de bhun Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (an tAcht). Forálann Alt 11 d'ullmhú Scéim Reachtúil comhlachtaí poiblí lena n-áirítear cur síos ar na seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil acu

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le cur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go gcuirfear seirbhís ar bith nach bhfuil á chur ar fáil ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair ar fáil laistigh d'fhráma ama aontaithe.

### Treoirínte d'ullmhú scéime

Cuireadh an Scéim seo le chéile de réir treoirínte atá ullmhaithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Ullmhaíodh na treoirínte seo i gcomhar le Grúpa Idir-Rannach Oibre; grúpa ar a raibh ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.

D'fhoilsigh Teagasc fógra sna nuachtáin náisiúnta an ar an 19ú 2007 ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na Dréacht-Scéime. Fuarthas roinnt aighneachtaí agus is féidir teacht ar na haighneachtaí sin ar láithreán gréasáin Theagasc [www.Teagasc.ie](http://www.Teagasc.ie). Chabhraigh na haighneachtaí seo leis an Scéim a chur i dtoll a chéile, le cois moltaí a fuarthas ó chomhaltaí foirne i dTeagasc.

### Ábhar na Scéime Teanga

Chabhraigh Grúpa Oibre ar a raibh ionadaithe ó gach Stiúrthóireacht atá ag feidhmiú laistigh de Theagasc le dréachtú na Scéime.

Leanfaidh Coiste Bainistíochta Theagasc le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na Scéime.

Áiríonn an Scéim tiomantas measúnacht leanúnach a dhéanamh ar an éileamh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go ndéanann Teagasc tréan iarracht an t-éileamh seo a chomhlíonadh ar bhealach réalaíoch, pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana.



## Tosú na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim ar an 1ú Eanáir 2008 agus beidh an Scéim i bhfeidhm do thréimhse trí bliana ón dáta seo, nó go dtí go ndaingníonn an tAire Scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is túsce.



**Príomh-phictiúr:**

Deaglán Ó Briain ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag tabhairt cur i láthair i leith an próiseas le haghaidh forbairt Scéime Gaeilge.

**Cúlra clé go deas:** Nuala Ní Fhlatharta, Ceannaire na Forbartha Foraoiseachta, Seamus O'Monghain, Meantóir REPS agus Tom Collins, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha & Bainistíochta.

# Caibidil 1

## Struchtúr Theagasc

### 1.1 Forbhreathnú ar Theagasc

Gníomhaireacht stáit é Teagasc a fheidhmíonn faoi scáth na Roinne Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.

Seo a leanas ráiteas misin Theagasc:

**“Eolas nua a chruthú agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe talmhaíochta agus an tionscail phróiseála bia le cur ar a chumas freagairt go brabúsach ar éilimh agus ceangaltais tomhaltóirí agus cur le gilleagar agus sochaí tuaithe bríomhaire”.**

Tá mandáid Theagasc le fáil in Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, ina luaitear gurb iad seo a leanas dualgais reachtúla Theagasc:

- ‘Soláthar seirbhísí oideachais, oiliúna agus comhairleacha sa réimse talmhaíochta a chur ar fáil nó a thabhairt chun críche \*’
- ‘An t-eolas eolaíoch agus praiticiúil maidir le talmhaíocht a fháil agus a chur ar fáil don tionscal talmhaíochta’.
- ‘Taighde agus forbairt talmhaíochta a dhéanamh, a chur chun cinn, a spreagadh, a chuidiú, a chomhordú, a éascú agus a athbhreithniú (lena n-áirítear taighde agus forbairt maidir le próiseáil bia agus an tionscal próiseála bia)’.

\* Gairneoireacht agus foraoiseacht san áireamh

### 1.2 Conas a sheachadaimid Seirbhísí

#### Seirbhís Taighde

Soláthraíonn ár seirbhís taighde bonn neamhspleách agus údarásach eolais d’fhorbairt agus riachtanais inbhuanaitheachta na hearnála agraibhia. Tacaíonn sé leis an tionscal freagairt ar éilimh thomhaltóirí trí eolas nua a chruthú agus freastal mar chainéal d’eolas atá cruthaithe ag an bpobal idirnáisiúnta eolaíochta. Baineann fíor-thábhacht leis an tseirbhís taighde maidir le forbairt theicneolaíoch, eolas a sholáthar d’fhorbairt beartais don earnáil agraibhia agus ceantair thuaithe, mar aon le cabhrú leis an tionscal riachtanais éiliteacha tomhaltóirí a chomhlíonadh.

Áiríonn an clár, atá ar bun i naoi n-ionad dhifriúla (féach Aguisín I), thart ar 300 tionscadal, lena n-áirítear tionscadal a bhaineann le próiseáil bia agus talmhaíocht – déantar thart ar 50% de na tionscail i gcomhar le páirtithe Éireannacha agus Eorpacha. Tá rannpháirtíocht dhíreach nó idirchaidreamh leis an tionscal agraibhia i gceist le thart ar 25% de na tionscail.

#### Taighde Bia

Tá thart ar 180 comhalta foirne Theagasc ag obair sa Stiúrtóireacht Bia atá bunaithe ag dhá ionad ar leith, eadhon


- Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15.
- Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha, Páirc Uí Mhórdha, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.


Seo a leanas na cuspóirí atá luaite le taighde bia, seirbhísí forbartha teicneolaíochta agus cláir oiliúna:

- An t-eolas agus na teicneolaíochtaí atá riachtanach d’iomaíochas agus nuáil i dtionscal próiseála bia na hÉireann a chruthú agus tacú le sábháilteacht agus caighdeán bia.
- Teicneolaíocht a aistriú chuig cuideachtaí bia agus cur leis an leibhéal scileanna san earnáil bia.

# Cairt Eagraíochtúil

## Stiúrthóir





## Taighde Talmhaíochta

Tá os cionn 500 comhalta foirne i mbun taighde talmhaíochta sna hionaid seo a leanas:

Ionad Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.  
An Ghráinseach, Dún Samhnaí, Co. na Mí.  
Páirc Uí Mhórdha, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí.  
Páirc na Darach, Ceatharlach.  
Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.  
Cionn Sáile, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath.  
Ionad Taighde um Gheilleagar Tuaithe,  
Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

(Táirgeadh Caorach, Atáirgeadh Eallaí)  
(Táirgeadh Mairteola)  
(Táirgeadh Déiríochta agus Muc)  
(Táirgeadh Barr)  
(Talmhaíocht atá Inbhuanaithe ó thaobh na Timpeallachta)  
(Gairneoireacht agus Foraoiseacht)  
(Eacnamaíocht agus Forbairt Tuaithe)

Is iad na cuspóirí atá ann an t-eolas agus na teicneolaíochtaí a fhorbairt atá riachtanach chun na cuspóirí seo a leanas a chomhlíonadh:

- tacú le táirgeadh iomaíoch agus nuálaíoch talmhaíochta, agus eolas a chur ar fáil do bheartais
- geilleagar agus sochaí tuaithe bríomhaire a chinntiú
- tacú le hinbhuanaitheacht talmhaíochta, gairneoireachta agus foraoiseachta in Éirinn.

## Seirbhís Chomhairleach

Is é an príomhaidhm atá luaite leis an tSeirbhís Chomhairleach (a bhfuil os cionn 680 comhalta foirne ag obair inti) an acmhainn uathúil caipitil daonna atá laistigh d'fheirmeacha teaghlaigh a fhorbairt d'fhonn iomaíochas idirnáisiúnta a bhaint amach, mar aon leis an méid ioncaim agus is féidir a chruthú agus an timpeallacht a chosaint. Tá an cumas agus solúbthacht ag an tseirbhís treoir a thabhairt d'fheirmeoirí déileáil le hathrú agus leasú leanúnach agus, go háirithe, an t-athrú treo atá anois ag teastáil chun nasc a chruthú idir feirmeoireacht iomaíoch agus dea-chleachtas feirmeoireachta.

Soláthraíonn Teagasc a sheirbhísí comhairleacha ó ghréasán de 90 oifig ar fud na tíre. (Tá liosta de na Príomhoifigí Comhairleacha le fáil in Aguisín II). I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá cuairt a thabhairt ar fheirmeacha, seirbhís chomhairleach in oifigí agus ar an teileafón, nuachtlitreacha rialta teicniúla, seimineáir, pléghrúpaí, siúlóidí ar fheirmeacha agus láithreán gréasáin do chliant. Lena chois sin, foilsíonn an eagraíocht iris dhéimhíósúil, dar teideal "Today's Farm", d'fheirmeoirí ar cliant iad. Tá thart ar 65,000 teaghlach feirme anois ag baint leasa as na Seirbhísí Comhairleacha, agus baineann níos mó ná leath díobh tairbhe as dian seirbhís.

## Oideachas agus Oiliúint

I sochaí foghlama, tá ról lárnach ag oideachas agus oiliúint i gcur le scileanna, eolas agus inniúlachtaí do lucht fágála scoile, feirmeoirí fásta agus oibríthe. Leis an ré nua seo sa talmhaíocht, caithfidh feirmeoirí scileanna nua a fhoghlaim. Soláthraíonn na Seirbhísí Comhairleacha agus Oiliúna raon cúrsaí a bhfuil creidiúnú ó Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais & Oiliúna (FETAC) ag gabháil leo. Soláthraíonn oifigigh oideachais, le tacaíocht ó Chomhairleoirí agus Speisialtóirí Talmhaíochta, oiliúint aosaigh ar leibhéal áitiúil ar bhealach solúbtha d'fhonn rannpháirtíocht uasta a chinntiú.

Cuirtear oiliúint, den chuid is mó, ar iontrálaithe óga sna Coláistí. (Tá liosta de na Coláistí le fáil in Aguisín III). Chomh maith leis sin, soláthraíonn na Coláistí Ard-Teastas i dTalmhaíocht d'fheirmeoirí páirtaimseartha ina gceantair féin i gcomhar leis na Seirbhísí Comhairleacha. Ina theannta sin, soláthraíonn Teagasc oiliúint ardleibhéil i gcomhar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta, oiliúint atá creidiúnaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC).

## 1.3 Struchtúr Bainistíochta

Údarás ar a bhfuil 11 comhalta foirne atá inár struchtúr bainistíochta, a chineann beartas, leis an Stiúrthóir atá ag feidhmiú mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin freagrach as gach gné den eagraíocht a bhainistiú. Cabhraíonn Coiste Bainistíochta, ar a bhfuil Cinn na sé Stiúrthóireacht, Coiste Riaracháin ar a bhfuil Cinn na bhFeidhmeanna Corparáideacha agus Ranna ag an bPríomh-Oifig, leis an Stiúrthóir le beartais a chur i bhfeidhm. Tá cúig fhochoiste ag an gCoiste Bainistíochta agus tá téarmaí tagartha ar leith ag na fochoistí sin.

Bainistítear oibríochtaí Theagasc trí struchtúr bainistíochta (Figiúr 1) agus tá dualgais shoiléire freagrachta, údaráis agus chuntasachta ann. Casann Cinn na Stiúrthóireachtaí, Cinn na nIonad Taighde, Bainisteoirí Ceantair (Seirbhísí Comhairleacha) agus Príomhoidí na gColáistí le chéile go rialta d'fhonn a chinntiú go mbíonn a fhios ag comhaltaí foirne faoi na forbairtí atá ar bun agus a bhfuil tionchar acu ar an eagraíocht a bhfuil 1600 comhalta foirne ag obair inti agus go mbíonn fóram plé acu freisin.



## Caibidil 2

# Feabhsú na Seirbhísí Dátheangacha atá le cur ar fáil - An Chéad Scéim

### 2.1 Cúlra

Cuirfidh Teagasc Scéim beart i bhfeidhm a bheidh dírithe ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge de réir théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Go dtí seo, níl foráil ghinearálta déanta ag Teagasc chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, agus ní raibh mórán éilimh ar chor ar bith ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Cé go gcuireann comhaltaí foirne áirithe a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil, níl socruithe foirmiúla ar bith ann. Ní mór a lua freisin, cosúil lena lán comhlachtaí poiblí, go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhfuil leibhéal íseal inniúlachta i nGaeilge labhartha agus scríofa i measc comhaltaí foirne Theagasc.

Tá suim léirithe ag an bhfoireann sa Ghaeilge, rud a chiallaíonn go bhfuil siad toilteanach feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge. Rinne Stiúrthóireacht na nGnóthaí Corparáideacha suirbhé chun cuir an leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a mheas, mar aon le riachtanais oiliúna Theagasc. Tá torthaí an tsuirbhé seo le fáil ag deireadh na cáipéise in Aguisín IV.

I rith na Scéime seo agus Scéimeanna eile a bheidh ann amach anseo, tá Teagasc tiomanta do chun lena chumas agus rochtain do chliant i leith Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tionscadal fadtéarmach atá anseo de bhrí go bhfuil dualgas oibre Theagasc chomh leathan agus chomh casta sin. Soláthraíonn Teagasc seirbhís do os cionn 65,000 teaghlach feirme agus sa chomhthéacs seo tá sé tábhachtach nach ndéantar dochar ar bith don tseirbhís poiblí a chuireann comhaltaí foirne Theagasc ar fáil thar raon leathan réimsí freagrachta. Tá atheagrú agus cuíchóiriú suntasach inmheánach tarlaithe i dTeagasc le trí bliana anuas agus d'éirigh linn ár bPríomh-Oifig a athlonnú ó Bhaile Átha Cliath go Ceatharlach. Dá réir sin, cuirfear an tionscadal atá riachtanach chun na ceangaltais reachtúla a chomhlíonadh chun cinn ar bhonn céimnithe. Tá Teagasc tiomanta, áfach, do ról don Ghaeilge a chruthú laistigh den eagraíocht.

## 2.2 Gnéithe na Scéime

### Cumarsáid Bhéil

- Beidh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil in oifigí fáiltithe Theagasc faoi lár 2009. Beidh comhaltaí foirne in ann ainm na hoifige a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh siad in ann fáilte a chur roimh dhaoine trí Ghaeilge. Cinnteoidh siad go gcuirfidh siad na custaiméirí i dteagmháil leis an oifigeach cuí atá ag soláthar na seirbhíse trí Ghaeilge chomh luath agus is féidir, más amhlaidh go bhfuil a leithéid sin de sheirbhís ar fáil.
- Beidh siombail agus acmhainn cuardaigh ar an liosta foirne ar Inlíon Theagasc ag cur in iúl cé hiad na comhaltaí foirne sin atá ábalta agus toilteanach déileáil leis an bpobal trí mheán na Gaeilge.
- Tá oifig amháin ag Teagasc i gceantar Gaeltachta; oifig Bhéal an Mhuirthead. Beidh seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil faoi dheireadh 2010. Feidhmeoidh an oifig seo trí mheán na Gaeilge faoi 2020.
- Mar thionscadal píolótach, ag deireadh 2009 soláthróidh Teagasc an deis do chustaiméirí i ndá Oifig Chomhairleacha atá ag freastal ar cheantair Ghaeltachta i gCorcaigh (oifig lonnaithe i Maigh Chromtha) agus i nDún na nGall (oifig lonnaithe i Leitir Ceanainn) leis an deis gnó a bhaineann le scéimeanna agus seirbhísí a mbeidh suim ag cainteoirí Gaeilge sna ceantair thart ar na hoifigí seo a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Déanfar monatóireacht ar an méid daoine a bheidh ag baint leasa as an tseirbhís seo thar thréimhse dhá bhliain agus má tá éileamh suntasach ar an tseirbhís seo, smaoinfidh Teagasc ar an tseirbhís seo a chur ar fáil in oifigí eile atá ag freastal ar na ceantair Ghaeltachta.
- Beidh gné dhátheangach san áireamh in imeachtaí poiblí agus imeachtaí i gceantair Ghaeltachta mar chuid d'iarrachtaí Theagasc an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal.
- Coinneoidh Aonad Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáid Custaiméirí taifead de na comhaltaí foirne a bheidh in ann agallaimh teilifíse agus raidió a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.



## Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

- Faoi láthair, níl sonraí maidir le scéimeanna agus seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge ar láithreán gréasáin Theagasc. De réir mar a bheidh scéimeanna agus seirbhísí nua ar fáil, soláthróidh Teagasc sonraí achoimre ar an láithreán gréasáin, i nGaeilge agus i mBéarla thar thréimhse na Scéime.
- Beidh an cháipéisíocht oifigiúil ar fad a bhaineann le scéimeanna nua, arna eisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia ar fáil trí Ghaeilge ar láithreán gréasáin Theagasc.
- Cuirfidh Teagasc, i gcomhar le tionscadal athdheartha an láithreáin ghréasáin atá ar siúl faoi láthair, le cumas chóras bainistíochta ábhar an ghréasáin, tuilleadh ábhar a chur ar fáil go dátheangach ar an láithreán gréasáin i scéimeanna a bheidh ann amach anseo.
- Bunóidh Teagasc rannóg Gaeilge ar an láithreán gréasáin roimh dheireadh 2008. Beidh cáipéisí tábhachtacha lena n-áirítear an Scéim Teanga, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla agus cáipéisí clár do gach Stiúrthóireacht laistigh de Theagasc.
- Faoi dheireadh 2008, beidh rannóg ar fáil ar Inlíon Theagasc a bheidh dírithe ar an nGaeilge.
- Beidh gach séanadh nó teachtaireacht chaighdeánach ar chomhfhreagras r-phoist dátheangach go luath in 2008.
- Faoi dheireadh 2009, bunóidh Teagasc, trí Aonad na Seirbhísí do Chustaiméirí agus an tAonad TFC, seoladh cineálach r-phoist do cheisteanna `as Gaeilge`.
- I láthair na huair, níl seirbhís dhátheangach ar líne ag Teagasc do chustaiméirí ach cuirfear é seo ar fáil i rith na scéime chun deis a thabhairt córais nua ghréasáin-bhunaithe a chruthú a thabharfaidh deis don phobal iarratais a dhéanamh nó sochair a fháil ar líne; seirbhís a bheidh ar fáil go dátheangach.
- Beidh na córais ríomhaireachta nua feiliúnach le déileáil leis an nGaeilge. Cinnteofar go gcuirfear na córais reatha nach bhfuil in ann déileáil leis an nGaeilge in oiriúint don teanga a luaithe is a bheidh an chéad uasghrádú eile ar bun.



## Cáipéisíocht Scríofa

- Ag deireadh na Scéime in 2010, aithneoidh Teagasc na foirmeacha agus scéimeanna is oiriúnaí do chustaiméirí i gceantair a bhfuil Gaeilge á labhairt iontu. Eagróidh Teagasc, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia d'aistriú agus d'fhoilsiú (laistigh de chlúdach amháin) na cáipéisíochta cuí i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.



- Beidh réamhrá agus achoimre ghairid i nGaeilge sna Foilseacháin agus Bileoga Eolais nua ar fad a thabharfaidh léargas gairid ar an ábhar ginearálta.

- Cinnteoidh Teagasc go mbeidh na príomhcháipéisí beartais á bhfoilsiú ar láithreán gréasáin Theagasc i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna. Ach iad a iarraidh, cuirfear cóip chrua de cháipéisí den saghas sin ar fáil.
- Faoi láthair, tá Teagasc i mbun comhráite le seirbhísí seachtracha aistriúcháin chun ceangaltais aistriúcháin a chomhlíonadh bunaithe ar an saineolas atá le fáil i dTeagasc agus Aonad Gaeilge a bhunú.
- Ag féachaint do nádúr ár bPreasráiteas, cinnteoidh Teagasc go mbeidh 10% dár bPreasráitis á n-eisiúint i mBéarla agus i nGaeilge ag deireadh 2008.

## Earcaíocht agus Socrúchán

Cuirfidh an Roinn Acmhainní Daonna na bearta seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go n-earcaítear agus go gcoinnítear líon cuí foirne atá iniúil sa Ghaeilge i dTeagasc. Áireofar ceisteanna a bhaineann le socrúchán foirne sa Phróiseas Comhpháirtíochta.

- Beidh comhaltaí foirne a bhfuil Gaeilge labhartha agus scríofa ar a dtail acu ag obair sna ceantair Ghaeltachta.
- Tá poist nua (Poist Freagrachta) á gcruthú sa tSeirbhís Chomhairleach le freastal ar gach Aonad Bainistíochta Ceantair Theagasc. Gné amháin de na Poist Freagrachta i ngach AMU a bheidh ag freastal ar na ceantair Ghaeltachta go mbeidh siad "freagrach as a chinntiú go mbeidh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge".
- Mar chuid den bheartas earcaíochta sna Ceantair Ghaeltachta, nuair nach mbeidh daoine oiriúnacha ar fáil le saineolas sa Ghaeilge trí chomórtais iontrála, féadfaidh Teagasc i gcomhar le Seirbhís na gCeapachán Poiblí, comórtais a fhógairt go poiblí chun comhaltaí foirne a fháil atá in ann obair trí mheán na Gaeilge.
- Murar féidir daoine a earcú sna ceantair Ghaeltachta, leis an saineolas cuí talmhaíochta agus Gaeilge, féadfaidh Teagasc daoine a earcú leis an saineolas cuí talmhaíochta agus tiomantas chun cumas teanga a fheabhsú a lorg.
- Úsáidfídh Teagasc leaganacha oifigiúla logainmneacha na Gaeltachta mar réamhshocrú, mar shampla, ar bhunachair shonraí inmheánacha agus ar fhoilseacháin chuí.
- Athbhreithneofar beartas earcaíochta agus aistrithe agus ceangaltas riachtanach do cheapachán sna ceantair Ghaeltachta a bheidh in oilteacht sa Ghaeilge (Gaeilge scríofa agus labhartha).



## Oiliúint agus Forbairt

Tá tiomantas leanúnach ann chun oiliúint agus forbairt chuí a sholáthar do chomhaltaí foirne chun riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí a chomhlíonadh agus poitéinseal iomlán comhaltaí foirne a chinntiú le linn dóibh a bheith ag obair do Theagasc.

Tacóidh an tAonad Oiliúna & Forbartha Foirne (Aonad O&FF) agus más cuí, Rannáin tacaíochta eile le:-

- Feasacht teanga (le béim faoi leith ar sheachadadh na Scéime) a áireamh i seimineáir foirne agus mar chuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí d'fhonn a chinntiú go mbeidh tuiscint ag comhaltaí foirne ar na nithe seo a leanas:
  - comhthéacs agus cúlra an bheartais;
  - an gá atá le beartas dátheangach a chur i bhfeidhm;
  - go mbeidh tuiscint cheart acu ar an tionchar a bheidh ag an mbeartas ar a gcuid oibre agus cá háit a bhfuil cúnamh le fáil.
- Suim a chothú i gcúrsaí oiliúna teanga, cosúil leis na cúrsaí agus Scéim na Scoláireachtaí atá á gcur ar fáil ag Gaeleagras, agus spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chomhaltaí foirne freastal ar a leithéid sin de chúrsaí.
- Tá suim léirithe ag roinnt comhaltaí foirne a bhfuil eolas áirithe acu ar an nGaeilge páirt a ghlacadh i dtionscnaimh a bhaineann le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge (.i. téarmaíocht ghinearálta gnó agus saintéarmaíocht talmhaíochta) más amhlaidh go gcomhlíontar sainriachtanais oiliúna. Éascóidh Teagasc an riachtanas seo agus eagrófar oiliúint roimh dheireadh 2008.
- Ag brath ar thoradh na nithe thuasluaite agus i gcomhthéacs na Scéime seo, forbróidh an tAonad Oiliúna & Forbartha Foirne cláir oiliúna teanga atá dírithe ar shainriachtanais chustaiméirí do ranna éagsúla agus réimsí oibre a oibríonn leis na custaiméirí a dteastaíonn seirbhís duine le duine uathu sa Ghaeilge.
- Forbrófar agus dáilfear oiliúint agus treoirínite maidir le tiomantais faoin Scéim seo do na comhaltaí foirne uile laistigh de Theagasc.
- Cinnteoidh Teagasc go spreagfar agus go dtabharfar deis do gach comhalta foirne a scileanna Gaeilge a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna agus forbartha agus é mar aidhm rochtain a fheabhsú trí sheirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.
- Féadfaidh Teagasc smaoineamh ar am in ionad a thabhairt d'oifigigh atá ag freastal ar chúrsaí Gaeilge lasmuigh de ghnáth-uaireanta oibre.
- Thar thréimhse na Scéime, forbróidh Teagasc naisc níos fearr le hAonad Gaeilge na Roinne Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus beidh idirchaidreamh leo maidir le gnéithe áirithe den Scéim, tionscnaimh oiliúna mar shampla.



## 2.3 Cumas Gaeilge Theagasc a fheabhsú

Moladh na tionscnaimh seo a leanas d'fhonn leibhéal ginearálta inniúlachta Gaeilge a chinntiú i measc chomhaltaí foirne Theagasc mar aon lena chumas seirbhísí Gaeilge atá á soláthar don phobal a fheabhsú i rith thréimhse na Scéime: -

- Tá suirbhé déanta ag Teagasc ar inniúlacht Ghaeilge i measc na gcomhaltaí foirne. Úsáidfear torthaí an tsuirbhé seo agus suirbhéanna a dhéanfar ina dhiaidh seo chun eolas a sholáthar do ghníomhaíochtaí maidir le cumas teanga a fhorbairt laistigh de Theagasc.
- Tabharfar eolas do chomhaltaí foirne (an tInlón san áireamh) maidir le raon na ranganna Gaeilge a bheidh ar fáil.
- Bunóidh Teagasc córas monatóireachta chun súil a choinneáil ar cheisteanna soláthair agus éilimh ar sheirbhísí Gaeilge i dTeagasc, agus é mar aidhm na réimsí éilimh/tosáíochta is mó a aimsiú agus soláthar agus éileamh ar sheirbhísí ar leith trí Ghaeilge a mheaitseáil.
- Beidh raon litreacha caighdeánacha i nGaeilge ar fáil do chomhaltaí foirne ar an Inlón. Ina theannta sin, measfar gluais d'fhocail agus téarmaí feiliúnacha a chur ar fáil, focail agus téarmaí a bheadh in úsáid nuair a bheadh comhaltaí foirne ag déileáil le custaiméirí trí Ghaeilge agus ar an Inlón. Beidh bogearraí Gaeilge (.i. seiceálaí litrithe, foclóir leictreonach agus táirgí Microsoft) ar fáil do chomhaltaí foirne a bheidh ag obair trí mheán na Gaeilge.



Grúpa Oibre na Gaeilge ag cruiniú i bPáirc na Darach, Ceatharlach

**Clé go deas:** Nuala Ní Fhlatharta, Ceannaire na Forbartha Foraoiseachta, Della Hunter, Seirbhísí Corparáideacha, Lorraine Ryan, Caidreamh Poiblí agus Cumarsáidí Custaiméara (sag seasamh do Eric Donald), Liam MacNamee, Acmhainní Daonna, Sheila Quinn, Seirbhísí Custaiméara/Oifigeach Rochtana, Seamus O'Monghain, Meantóir REPS, Michael Diskin, Ionad Taighde Bhaile Átha an Rí agus Tom Collins, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha & Bainistíochta. In easnamh ón bpictiúr, Paul Meally, Aonad TFC

# Caibidil 3

## Monatóireacht agus Athbhreithniú

### 3.1 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Is iad Cinn na Stiúrthóireachtaí a bheidh freagrach as an Scéim a mhonatórú agus a athbhreithniú. Meastar go gcuirfear tuarascálacha maidir le cur i bhfeidhm na Scéime ar fáil ag cruinnithe míosúla an Choiste Bainistíochta.

Is iad na Bainisteoirí Ceantair (AMU), Príomhoidí Coláistí agus Cinn na nIonad Taighde a bheidh i mbun monatóireacht laethúil, agus a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime ina gceantair féin. Comhtháthófar cur i bhfeidhm na Scéime sna próisis reatha pleanála gnó atá ag feidhmiú laistigh de Theagasc. Tuairisceoidh gach ceantar ar bhonn rialta don Stiúrthóir cuí agus cuirfear tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Bainistíochta.



Beidh ról leanúnach ag an Oifigeach Gaeilge i monatóireacht a dhéanamh, tacú le agus cur i bhfeidhm na Scéime a chur chun cinn. Ina theannta sin, déanfaidh Oifigeach na Seirbhísí do Chustaiméirí/an tOifigeach Rochtana monatóireacht ar an éileamh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge trí úsáid a bhaint as cártaí tuairime agus suirbhéanna. Tabharfaidh céatadán na gcomhaltaí foirne ó Theagasc atá páirteach in oiliúint léargas ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur lenár gcumas seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Léargas eile ar an dul chun cinn a dhéanfar sa réimse seo é an líon preasráiteas a fhoilseofar sna foilseacháin ábhartha.



# Caibidil 4

## Poibliú na Scéime Comhaontaithe

### 4.1 Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Cuirfear ábhar na Scéime seo mar aon le tiomantais agus forálacha na Scéime in iúl don phobal mar seo a leanas: -

- Preasráiteas
- Seoladh Oifigiúil na Scéime
- Forálacha a fhógairt
- Eolas a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí
- Láithreán Gréasáin

Tá cóip den scéim seo seolta chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla freisin.

# Aguisíní

Aguisín I	Ionaid Taighde
Aguisín II	Príomh-oifigí Comhairleach Áitiúla
Aguisín III	Seirbhísí Traenála agus Forbartha
Aguisín IV	Torthaí ar Shuirbhé Gaeilge Teagasc
Aguisín V	Prionsabail de Sheirbhís Custaiméara Cáilíochta

# Aguisín I

## Ionaid Taighde

### Ionaid Taighde Bia Ionad Taighde

Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórda, Pháirc Uí Mhórdha,  
Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí:

Guthán: 025 42340  
Facs: 025 42222

Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15

Guthán: 01 8059500  
Facs: 01 8059550

### Ionaid Taighde Talmhaíochta

Ionad Taighde Táirgeadh Ainmhí, Campas Mellows, Baile Átha an Rí,  
Co. na Gaillimhe (Táirgeadh Caorigh agus Mairteoil)

Guthán: 091 845200  
Facs: 091 845847

Ionad Taighde Eacnamaíochta Tuaithe, Campas Mellows,  
Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.  
(Forbairt Tuaithe agus Eacnamaíocht)

Guthán: 091 845200  
Facs: 091 844296

Ionad Taighde Mairteoil an Ghráinseach, An Ghráinseach,  
Dún Samhnaí, Co. na Mí. (Táirgeadh Mairteola)

Guthán: 046 9061100  
Facs: 046 9026154

Ionad Taighde Eolaíochta Bhitheach Ainmhí, An Ghráinseach,  
Dún Samhnaí, Co. Na Mí. (Eolaíocht Bhitheach Ainmhí)

Guthán: 046 9061100  
Facs: 046 9026154

Ionad Taighde Timpeallacht Caisleáin Bhaile Sheonach,  
Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.  
(Ithreacha agus Timpeallacht)

Guthán: 053 9171200  
Facs: 053 9142213

Ionad Taighde Táirgeadh Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha,  
Páirc Uí Mhórdha, Mainistir Fhear Maí,  
Co. Chorcaí (Táirgeadh Déiríochta)

Guthán: 025 42222  
Facs: 025 42340

Ionad Taighde Barra Pháirc na Darach, Páirc na Darach,  
Ceatharlach. (Táirgeadh Barra)

Guthán: 059 9170200  
Facs: 059 9142423

# Aguisín II

(tabhair faoi deara – tá dath dearg ar oifigí atá lonnaithe i gceantair ghaeltachta.  
tá dath gorm ar oifigí a sholáthraíonn seirbhís do cheantair ghaeltachta.)

## Aonaid Chomhairleacha Bainistiú Limistéar

## Guthán

## Facs

### AN CABHÁN/MUINEACHÁN

Ceanncheathrú, Oifig Chomhairleach, Coláiste Bhéal Átha hÉis,  
Béal Átha hÉis, Co an Chabháin  
Teach Mart, Bóthar Ghránaird, Baile Shéamais Dhuibh, Co an Chabháin  
Cúil Seannach, Muineachán  
Radharc an Locha, Baile na Lorgan, Co Mhuineacháin

(049) 4338300 (049) 4338304  
(049) 8544499 (049) 8544063  
(047) 81188 (047) 81408  
(042) 9740072 (042) 9746659

### AN CLÁR

Ceanncheathrú, Bóthar an Stáisiúin, Inis, Co an Chláir  
Fossabeg, An Scairbh, Co an Chláir  
Ard na Coille, Inis Díomáin, Co an Chláir  
Baile Urradh, Cill Rois, Co an Chláir

(065) 6828676 (065) 6828301  
(061) 921093 (061) 921525  
(065) 7071077 (065) 7071261  
(065) 9051189 (065) 9051459

### OIRTHEAR CHORCAÍ

Ceanncheathrú, Bóthar an Fhearainn Léith, Corcaigh  
Sandfield, Mala, Co Chorcaí  
Knockgriffen, Mainistir na Corann, Co Chorcaí  
Páirc Uí Mhórdha, Mainistir Fhear Maí, Co Chorcaí  
Ionad Pobail, An Phríomhshráid, An Rath, Co Chorcaí  
Institiúid Shéamais Uí Chaoimh, Áth Trasna, Co Chorcaí  
Halla Carnegie, Sráid an Mhuilinn, Co Chorcaí  
An Linn Gorm, Ceann Toirc, Co Chorcaí

(021) 4545055 (021) 4343598  
(022) 21936 (022) 42657  
(021) 4631898 (021) 4631745  
(025) 42244 (025) 42384  
(063) 81514  
(029) 60220 (029) 60675  
(029) 70031 (029) 70886  
(029) 50160 (029) 51181

### IARTHAR CHORCAÍ

Ceanncheathrú, Bóthair Chill Bharra, Dún Mánmhaí, Co Chorcaí  
[Codrum](#), [Maigh Chromtha](#), [Co Chorcaí](#)  
Radharc an Chuain, Beantraí, Co Chorcaí  
Bóthar an Stáisiúin, Droichead na Bandan, Co Chorcaí  
Coronea, An Sciobairín, Co Chorcaí  
Oifig Chomhairleach, Coláiste Talmhaíochta Chloich na Coillte, Darrara,  
Cloich na Coillte, Co Chorcaí

(023) 45113 (023) 45161  
[026](#) [41604](#) [026](#) [42317](#)  
(027) 50265 (027) 51869  
(023) 41589 (023) 44038  
(028) 21574 (028) 22398  
(023) 32580 (023) 34449

### Dún na nGall

Ceanncheathrú, An Cabhán Íochtarach, Bealach Féich, Co Dhún na nGall  
[Carnamuggagh](#), [Leitir Ceanainn](#), [Co Dhún na nGall](#)  
Dúnainn, Dún na nGall  
Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Mhalainn, Carn Domhnaigh, Co Dhún na nGall

(074) 9131189 (074) 9132062  
[074](#) [9121053](#) [074](#) [9126659](#)  
(074) 9721231 (074) 9721918  
(077) 9374233 (077) 9374233

### GAILLIMH

Ceanncheathrú, Seirbhísí Adv & Tr, Campas Mellows, Béal Átha an Rí, Co na Gaillimhe  
Páirc Mhiondíola Terryland, Bóthar Átha Chinn, Gaillimh  
F/ch M Keady, An Chearnóg, Átha Chinn, Co na Gaillimhe  
Páirc an Fhia, Béal Átha na Sluaighe, Co na Gaillimhe  
Sráid Bhreandáin, Port Omna, Co na Gaillimhe  
Bóthar Bhaile Átha Cliath Uachtarach, Tuaim, Co na Gaillimhe  
Sráid an Droichid, An Gort, Co na Gaillimhe

(091) 845800 (091) 845830  
(091) 562101 (091) 561353  
(093) 35563 (093) 35210  
(090) 9642456 (090) 9642973  
(090) 9741124 (090) 9741118  
(093) 28123 (093) 28895  
(091) 631205 (091) 631155

### CIARRAÍ

Ceanncheathrú, An Pavilion, Páirc Aibhistín de Staic, Trá Lí, Co Chiarraí  
Clieveragh, Lios Tuathail, Co Chiarraí  
Cleeny, Cill Airne, Co Chiarraí  
An Teach Cúirte, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí

(066) 7125077 (066) 7125558  
(068) 21266 (068) 22700  
(064) 32344 (064) 32366  
(066) 9472452

### CILL CHAINNIGH/PORT LÁIRGE

Ceanncheathrú, Bóthar Ceanannais, Cill Chainnigh  
Muileann an Bhata, Co Chill Chainnigh  
Seandún, Dún Garbhán, Co Phort Láirge  
An tSráid Mhór Thiar, Lios Mór, Co Phort Láirge  
Aonad 101, Bloc B, Ionad Fiontair Dhún Aill, Baile Philib, Dún Aill, Co Phort Láirge

(056) 7721153 (056) 7721852  
(051) 898137 (051) 898204  
(058) 41211 (058) 43551  
(058) 54181 (058) 53522  
(051) 396688 (051) 396522

### LAOIS/CILL DARA

Ceanncheathrú, 1 Park Villas, Port Laoise, Co Laoise  
Knockiel, Ráth Domhnaigh, Co Laoise  
Bóthar na Mainistreach, An Nás, Co Chill Dara  
Rathstewart, Baile Átha Í, Co Chill Dara

(0502) 21326 (0502) 22974  
(0505) 46451 (0505) 46601  
(045) 879203 (045) 879093  
(059) 8631719 (059) 8639261

## LUIMNEACH

Ceanncheathrú, Sráid Phairnéil, Luimneach  
Cill Mocheallóg, Co Luimnigh  
An Gort Buí, An Caisleán Nua, Co Luimnigh

## Guthán

(061) 415922  
(063) 98039  
(069) 61444

## Facs

(061) 310835  
(063) 98580  
(069) 61094

## MAIGH EO

Ceanncheathrú, Teach Michael Davitt, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo  
Bóthar Bunree, Ard na Ria, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo  
Bóthar an Phoirt Nua, Cathair na Mart, Co Mhaigh Eo  
Bóthar na Mainistreach, Baile an Róba, Co Mhaigh Eo  
Sráid Shéamais Íochtarach, Clár Chlainne Mhuiris, Co Mhaigh Eo  
Sráid na Mainistreach, Béal Átha hAmhnais, Co Mhaigh Eo  
Sráid an Droichid, Béal Átha na Muice, Co Mhaigh Eo  
Sráid an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Co Mhaigh Eo  
Sráid Muileann Mór, Crois Mhaoilóna, Co Mhaigh Eo

(094) 9021944  
(096) 22335  
(098) 28333  
(094) 9541125  
(094) 9371360  
(094) 9630104  
(094) 9251157  
(097) 81104  
(096) 31159

(094) 9024572  
(096) 71188  
(098) 27295  
(094) 9541869  
(094) 9371913  
(094) 9631032  
(094) 9252305  
(097) 82302  
(096) 31979

## AN MHÍ/BAILE ÁTHA CLIATH/LÚ

Ceanncheathrú, Bóthar Cheanannais, An Uaimh, Co na Mí  
Gort na Sailí, Bóthar na hUaimhe, Ceanannas, Co na Mí  
Oifig Chomhairleach an Ghráinseach, An Ghráinseach, Dún Samhnaí, Co na Mí  
Oifig Chomhairleach Bhaile Átha Cliath, Ionad Cionn tSáile,  
Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17  
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Co Lú  
Bóthar na Sláine, Droichead Átha, Co Lú

(046) 9021792  
(046) 9240039  
(046) 9026700  
(01) 8460644  
(042) 9332263  
(041) 9833006

(046) 9022811  
(046) 9240312  
(046) 9026154  
(01) 8461218  
(042) 9332316  
(041) 9838024

## ROS COMÁN/AN LONGFORT

Ceanncheathrú, Sráid na Mainistreach, Ros Comán  
Sráid Naomh Pádraig, An Caisleán Riabhach, Co Ros Comáin  
Bóthar na hArmlainne, Baile Átha Luain, Co Ros Comáin  
An Corrán, Mainistir na Búille, Co Ros Comáin  
Lár an Bhaile, An Longfort

(090) 6626166  
(094) 9620160  
(090) 6494109  
(071) 9662189  
(043) 41021

(090) 6625494  
(094) 9620917  
(090) 6494636  
(071) 9662586  
(043) 41025

## SLIGEACH/LIATROIM

Ceanncheathrú, Cois Abhann, Sligeach  
Carrownanty, Baile an Mhóta, Co Shligigh  
Sráid an Droichid, Cora Droma Rúisc, Co Liatroma  
Sráid an Chnoic, Maothail, Co Liatroma  
Bóthar Shligigh, Cluanín, Co Liatroma

(071) 42286  
(071) 83369  
(071) 9620028  
(071) 9631076  
(071) 9855107

(071) 42677  
(071) 83246  
(071) 9621363  
(071) 9631989  
(071) 9856151

## TIOBRAID ÁRANN

Ceanncheathrú, An Carraigín, Cluain Meala, Co Thiobraid Árann  
Sráid Davis, Tiobraid Árann  
Bóthar Dhrom Uí, An tAonach, Co Thiobraid Árann  
Castlemeadows, Durlas, Co Thiobraid Árann

(052) 21300  
(062) 51844  
(067) 31225  
(0504) 21777

(052) 21199  
(062) 51180  
(067) 31130  
(0504) 21405

## AN IARMHÍ/ UÍBH FHAILÍ

Ceanncheathrú, Bellview, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Muileann gCearr, Co na hIarmhí  
Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Móta, Co na hIarmhí  
Cluain Minse, Tulach Mhór, Co Uíbh Fhailí  
Teach Naomh Breandáin, Meal Bhaile na Lochlannach, Biorra, Co Uíbh Fhailí

(044) 40721  
(090) 6481167  
(0506) 21405  
(0509) 20284

(044) 40327  
(090) 6482085  
(0506) 21659  
(0509) 21630

## LOCH GARMAN

Ceanncheathrú, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Inis Córthaidh, Co Loch Garman  
Ionad Comhairleach & Traenála, Caisleán Bhaile Sheonach, Co Loch Garman  
Pháirc an Bahróidigh, Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman  
Páirc Thaispeántais, Guaire, Co Loch Garman

(054) 39210  
(053) 71350  
(051) 426430  
(055) 21333

(054) 33830  
(053) 45880  
(051) 425490  
(055) 21548

## CILL MHANTÁIN/CEATHARLACH

Ceanncheathrú, Coolruss, Tigh na hÉille, Co Chill Mhantáin  
Bóthar Chill Téagáin, Bealach Conglais, Co Chill Mhantáin  
Aonad 4B, The Anchorage, An Cé Thuaidh, Baile Chill Mhantáin  
An Fhaiche, An Tulach, Co Cheatharlach  
Sráid Bhairéid, Muine Bheag, Co Cheatharlach

(0402) 38171  
(0508) 81200  
(0404) 60195  
(059) 9151210  
(059) 9721267

(0402) 38640  
(0508) 81432  
(0404) 69898  
(059) 9151931  
(059) 9721537

## **Aguisín III**

### **Seirbhísí Traenála agus Forbartha**

#### **Coláistí Talmhaíochta**

Coláiste Talmhaíochta Béal Átha hÉis, Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin.	Guthán: 049 4338108 Facs: 049 4338540
Coláiste Talmhaíochta Chloich na Coillte, Darrara, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí.	Guthán: 023 33302 Facs: 023 34449
Coláiste Talmhaíochta Chill Daltún, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh.	Guthán: 051 644400 Facs: 051 643797
Coláiste Talmhaíochta Ghoirtín, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co.Thiobraid Árann	Guthán: 067 21282 Facs: 067 21290
Coláiste Talmhaíochta Bráithre Proinsiasaigh, An Creagán, Co. na Gaillimhe	Guthán: 0909 679205 Facs: 0909 679276
Coláiste Talmhaíochta Salesian, Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh	Guthán: 061 393100 Facs: 061 393005

#### **Coláistí Gairneoireachta**

Coláiste Gairneoireachta Chill Daltún, Baile an Phoill, Co.Chill Chainnigh	Guthán: 051 644400 Facs: 051 643797
Coláiste Gairneoireachta Conláiste, Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9	Guthán: 01 8040201 Facs: 01 8040212
Coláiste Gairneoireachta Salesian, Warrenstown, Droim Rí, Co. na Mí	Guthán: 01 8259392 Facs: 01 8259632

#### **Ionaid Traenála Áitiúla**

Déan teagmháil leis na príomh-oifigí comhairleach áitiúla liostaithe in Aguisín II.

#### **Aonaid Forbartha**

Aonad Deimhniú Churaclaim agus Cáilíochta, Coláiste Chill Daltún, Baile an Phoill, Co Chill Chainnigh.	Guthán: 051 643105 Facs: 051 643446
Aonad Forbartha Gairneoireachta, Ionad Chionn tSáile, Bóthar Mhullach Íde, Baile Átha Cliath 17.	Guthán: 01 8459000 Facs: 01 8460524
Aonad Forbartha Foraoiseachta, An Ionad Forbartha, Campas Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.	Guthán: 091 845200 Facs: 091 844296
Aonad Forbartha Muice, Pháirc Uí Mhórdha, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí	Guthán: 025 42222 Facs: 025 42340

## Aguisín IV

### Torthaí ar Shuirbhé na Gaeilge

I Feabhra 2007 cuireadh suirbhé ar bhaill foirne Teagasc maidir lena gcumas sa Ghaeilge agus cuireadh ceist orthu an raibh suim acu i dtraenáil. D'fhreagair nach mór 50% de bhaill foirne ar fud na tíre. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na torthaí bunaithe ar féin-mheasúnú.

Seo a leanas na torthaí:

Is féidir labhairt, scríobh agus a ndualgais a bhaint amach as Gaeilge	6.2%
Is féidir an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh ach ní féidir ach cuid dá ndualgais a bhaint amach as Gaeilge	31%
Is féidir an Ghaeilge a labhairt ach ní féidir í a scríobh	22.3%
Suim i dtraenáil na Gaeilge	54.9%
Toilteanach déileáil le custaiméirí as Gaeilge	34.1%
Toilteanach obair Chaidrimh Poiblí a dhéanamh as Gaeilge	12.1%

Léiríonn na torthaí meon dearfach i dtreo an Ghaeilge laistigh de Theagasc. D'ainneoin leibhéal an saineolais reatha, léirigh os cionn leath na bhfreagróirí suim i bhfreastal ar thraenáil na Gaeilge.

Shonraigh 20 ball foirne go raibh siad toilteanach obair Chaidrimh Poiblí a bhaint amach trí mheán na Gaeilge. Is éard a bheadh i gceist le seo ná agallaimh le stáisiúin raidió agus teilifíse na Gaeilge. In iomlán shonraigh 95 de fhreagróirí toilteanas ginearálta seirbhís a sholáthar thar ceann Teagasc as Gaeilge.

# Aguisín V

## Prionsabail de Sheirbhís Custaiméara Cáilíochta

I leagadh amach na gcaighdeán le haghaidh seachadadh seirbhísí cáilíochta, tógfaidh Teagasc aird ar an dá phrionsabal déag seo a leanas, de réir Ranna Státseirbhísigh agus eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí uile:

### Caighdeán Seirbhíse Cáilíochta

Raiteas a fhoilsiú a imlíníonn nádúr agus cáilíocht na seirbhíse gur féidir le custaiméirí a bheith ag súil leo agus é a thaispeáint go soiléir ag pointe seachadta seirbhíse.

### Comhionannas/Éagsúlacht

Cinntigh na cearta i leith cóireáil comhionann bunaithe ag reachtaíocht an chomhionannais agus glacadh le héagsúlacht ionas gur féidir cur le comhionannas na ngrúpaí clúdaithe ag reachtaíocht an chomhionannais (ar bhonn gnéas, stádas pósta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine agus ballraíocht Pobail an Lucht Siúil). Constaicí a aithint agus oibriú chun iad a chosc i leith rochtain seirbhíse do dhaoine ag braith bochtaineacht agus eisiámh sóisialta agus dóibh siúd ag tabhairt aghaidh ar chonstaicí geografacha chuig seirbhísí.

### Rochtain Fhisiceach

Oifigí poiblí inrochtana, glana a sholáthar a chinntíonn príobháideachas, a chomhlíonann caighdeán sábháilteachta agus gairme agus, mar chuid de seo, rochtain a éascú do dhaoine le míchumais agus riachtanais sainiúla eile.

### Eolas

Glacadh le cur chuige réamhghníomhach in eolas a sholáthar atá soiléir, tráthúil agus cruinn, atá infhaighte ag gach pointe teagmhála, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine le riachtanais sainiúla. Cinntigh go n-úsáidtear an poitéinseal curtha ar fáil ag Teicneolaíocht Faisnéise agus go leanann an t-eolas infhaighte ar shuímh ghréasáin seirbhíse poiblí na treoirlínte ar fhoilsiú gréasáin. Lean leis an tiomantas le haghaidh simplíocht na rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus gnáthaimh.

### Tráthúlacht agus Cúirtéis

Déan seirbhísí cáilíochta a sheachadadh le cúirtéis, íogaireacht, agus moill íosta ag glacadh le aeráid de chomh-mheas idir soláthraí agus custaiméir. Tabhair ainmneacha teagmhála i ngach cumarsáid chun socracht na n-idirbheart leanúnach a chinntiú.

### Gearáin

Coinnigh córas dea-fhoilsithe, inrochtana, tréscailteach agus éasca le húsáid chun déileáil le gearáin faoi cáilíocht na seirbhíse a sholáthraítear.

### Achomhairc

Cosúil le sin, coinnigh córas achomhairc/athbhreithnithe atá foirmiúil, dea-fhoilsithe, inrochtana, tréscailteach agus éasca le húsáid do chustaiméirí atá míshásta le cinntí maidir le seirbhísí.

### Comhairliú agus Luacháil

Déan cur chuige a sholáthar a chomhairliú a bhfuil éifeacht lei le, agus rannpháirtíocht ó, an custaiméir maidir le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú na seirbhísí. Cinntigh luacháil a bhfuil éifeacht lei de sheachadadh seirbhíse.

### Rogha

Soláthar rogha, áit ina bhfuil indéanta, i seachadadh seirbhíse lena n-áirítear modhanna íocaíochta, suíomh na bpointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanna seachadta.

Úsáid teicneolaíochtaí infhaighte agus ag teacht chun cinn chun rogha agus rochtain uasta, agus cáilíocht an tseachadta a chinntiú.

### Comhionannas Teangacha Oifigiúla

Seirbhísí cáilíochta a sholáthar as Gaeilge agus/nó ar bhonn détheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas faoina gceart an rogha a dhéanamh chun go ndéanfaí déileáil leo trí cheann amháin nó eile de na teangacha oifigiúla.

### Comhordú Níos Fearr

Glacadh le seirbhís níos comhordaithe agus níos comhtháite i leith seachadadh na seirbhísí poiblí.

### Custaiméar Inmheánaigh

Cinntigh go n-aithnítear baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go ndéantar iad a thacú agus a chomhairliú i leith saincheistanna um seachadadh seirbhíse.